Soláthar Múinteoirí Ábhar do na hIarbhunscoileanna LánGhaeilge & Gaeltachta

Seán Ó Grádaigh

Scoil an Oideachais, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Curtha in Eagar ag Sinéad Ní Ghuidhir & Brendan MacMahon

Réamhrá

Tá fás thar cuimse tagtha ar líon na nGaelcholáistí in Éirinn le blianta beaga. I dteannta na n-iarbhunscoileanna sa Ghaeltacht déanann siad freastal orthu sin a dhéanann cinneadh scolaíocht ag an dara leibhéal a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Is é an Máistir Gairmiúil san Oideachas[1] in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh an t-aon chúrsa san oideachas tosaigh múinteoirí don earnáil iarbhunscoile trí Ghaeilge in Éirinn. Nuair a bunaíodh an cúrsa i 1998 leagadh cuóta de 40 áit ar an gcúrsa. Cé go bhfuil fás de 282% tagtha ar líon na ndaltaí ag staidéar trí mheán na Gaeilge ag an dara leibhéal ón uair sin agus níl méadú ar bith tagtha ar an gcuóta nó ar líon na múinteoirí go náisiúnta a bhfuil sainchailíocht acu le teagasc a dhéanamh i nGaelcholáistí agus scoileanna Gaeltachta.

Tá an taighde seo ag tarraingt agus ag cur leis an taighde a rinne Caoimhe Máirtín (2006) dar teideal *Soláthar Múinteoirí do na Bunscoileanna lán-Ghaeilge - Bunachar Sonraí agus Tuairimí Príomhoidí i leith Gnéithe den Staid Reatha sa Ghaelscolaíocht*. Tá sé tábhachtach suntas a dhéanamh den taighde seo toisc gur tháinig borradh fáis ar an earnáil Ghaelscolaíochta ag an mbunleibhéal sna '90aidí, cosúil leis an bhfás ata tagtha ar na Gaelcholáistí le gairid. Go deimhin, d'fhéadfaí a rá i go leor cásanna gurb iad na daltaí céanna a bhí ag freastal ar na Gaelscoileanna le linn taighde Mháirtín atá i gcóras na nGaelcholáistí anois, agus an taighde seo idir lámha. I measc na bpríomhthorthaí a bhí ag Caoimhe Máirtín (2006) bhí:

> -Deir 70% de phríomhoidí go mbíonn sé deacair múinteoirí a fháil do na Gaelscoileanna agus creideann siad gur mó na deacrachtaí múinteoirí a fhostú do na Gaelscoileanna ná do na 'gnáthscoileanna'.
>
> -Tá 91% de phríomhoidí a léiríonn an-deacrachtaí ionadaithe a fháil do na Gaelscoileanna agus deir 76% acu go mbíonn orthu ionadaí ar bheagán Gaeilge a fhostú go minic
>
> -Tá an ceathrú cuid de phríomhoidí a deir go bhfágann siad an rang gan ionadaí seachas múinteoir cáilithe ar bheagán Gaeilge a fhostú.
>
> -Léiríonn leath de na príomhoidí gur fearr leo ionadaí láncháilithe ar bheagán Gaeilge a fhostú seachas múinteoir neamhcháilithe le Gaeilge.
>
> -Tá 79% de phríomhoidí nach bhfuil sásta leis an soláthar oiliúna réamhsheirbhíse atá á chur ar fáil don Ghaelscolaíocht sna coláistí oideachais.

Is léir ó na fíorais seo gur iomaí dushlán a bhí ag na gaelscoileanna ag an mbunleibhéal agus go deimhin d'fhreagair an tríú cuid de phríomhoidí gur chreid siad "go bhfuil fás róthapa tagtha ar an nGaelscolaíocht agus gur deacair, dá réir, teacht ar mhúinteoir." Déanann an taighde áirithe seo tógáil ar thaighde a rinne Mac Donnacha et al. *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta* (2005). Tháinig go leor de na dushláin agus deacrachtaí

[1] Dioplóma Gairmiúil san Oideachas a bhí ar an gclár seo go dtí 2014

céanna chun solais sa taighde seo is atá léirithe i dtaighde an Mháirtínigh. Sonraíodh trí mhórdheacracht faoi leith i dtaobh scoileanna sa Ghaeltacht:

-Gan dóthain múinteoirí oilte a bheith ar fáil a bhfuil spéis acu obair trí Ghaeilge sa Ghaeltacht

-Gan dóthain múinteoirí a bheith ar fáil a bhfuil cumas Gaeilge sách maith acu le dul ag múineadh trí Ghaeilge sa Ghaeltacht

-Gan ullmhúchán mar is gá do mhúineadh trí Ghaeilge sa Ghaeltacht a bheith ar fáil i gcúrsaí réamhoiliúna múinteoireachta (Mac Donncha et al, 2005:137)

Is i gcomhthéacs an dá thaighde thuasluaite atá an staidéar seo. Daonra an staidéir seo ná iarbhunscoileanna lánGhaeilge na Galltachta agus iarbhunscoileanna na Gaeltachta.
An príomhchuspóir atá ag an taighde seo ná dálaí a bhailiú a bhidh mar thaca don earnáil seo sa todhchaí.

Modheolaíocht

Baineadh usáid as idir mhodhanna taighde cáilíochtúla agus cainníochtúla leis na dálaí a bhailiú don staidéar seo.
Rinneadh ceithre agallamh le príomhoidí in iarbhunscoileanna éagsúla in Eanáir 2013. Roghnaíodh na príomhoidí seo go randamach. Bhí na hagallaimh seo bunaithe ar cheisteanna a bhain le a) Foirne teagaisc na scoileanna, b) Earcú múinteoirí, agus c) Tuairimí na bpríomhoidí i leith saincheisteanna a bhaineann leis an oideachas lánGhaeilge i gcoitinne. Ag tógáil ar shonraí na n-agallamh sin dearadh ceistneoir "Ceistneoir na bPríomhoidí - Iarbhunscoileanna LánGhaeilge." Rinneadh an ceistneoir seo a phíolótú in mí na Márta 2013, rinneadh leasuithe mar a theastaigh agus seoladh chuig na príomhoidí uilig é in Aibreán 2013.
Ní mór a lua go bhfuarthas cead agus gur tógadh ar iasacht roinnt ceisteanna a bhí in uirlisí Mháirtín (2006) agus Mhic Dhonnachdha (2005). Tugann sé seo comhéifeacht agus doimhneacht faoi leith don taighde seo, áit gur féidir linn torthaí na staidéar a chur i gcomparáid lena chéile.

An daonra iomlán a bhí ag an staidéar seo ná 56 scoil. Líon agus sheol 34 scoil ar ais an ceistneoir (ráta freagartha 64%). Déanann an ráta freagartha seo go leor a cheilt áfach. I measc an 56 scoil seo tá deich gcinn de 'shruthanna Gaeilge'. Níor fhreagair ach ceann amháin de na 'sruthanna' seo an ceistneoir (10%). Tá ceithre cinn de na scoileanna seo suite ar oileáin. Níor tháinig ar ais ach ceistneoir amháin uathu seo (25%). Tá níos lú ná 30 scoláire i dtrí cinn de na scoileanna oileáin seo. Má fhágtar na 'sruthanna' agus na scoileanna oileáin as an áireamh mar dhaonra asluiteach is ráta freagartha de 81% atá ag an taighde seo.
13 as 15 Iarbhunscoil sa Ghaeltacht a d'fhreagair an ceistneoir (87%)
21 as 27 Gaelcholáiste a d'fhreagair an ceistneoir (78%)
Cinntíonn an ráta ard freagartha gur beag staitisticí infeireacha atá sa staidéar seo, rud a thugann bailíocht faoi leith do na torthaí iniata.
Rinneadh na torthaí a chódáil agus a logáil in SPSS (leagan 20.0 do Mac) agus tá na torthaí agus na fíorais seo ag teacht ó thástálacha minicíochta agus ó thástálacha comhghaolaithe SPSS. Mar gheall go bhfuil daonra an taighde sách íseal, níl aon staitisticí infeireacha anseo. Torthaí agus staitiscí tuairisciúla is mó atá sa taighde seo.

Torthaí an Cheistneora

Próifíl na Scoileanna
13 scoil Ghaeltachta a bhí páirteach sa taighde seo. (38.2% de dhaonra iomlán an taighde).
21 Gaelcholáiste lasmuigh den Ghaeltacht a bhí páirteach sa taighde seo. (61.8% de dhaonra iomlán an taighde).
Bhí 41.2% acu ina scoileanna tuaithe agus 58.8% ina scoil cathracha.



Próifíl Scoile * Suíomh Scoile trastáblú

Próifíl Scoile	Scoil Tuaithe	Cathair / Baile Mór	Iomlán
Scoil Ghaeltachta/ BhreacGhaeltachta	13	0	13
Gaelcholáiste	1	20	21
Iomlán	14	20	34

Is fiú a lua gur scoileanna tuaithe a bhí i ngach uile scoil Ghaeltachta agus nach raibh ach Gaelcholáiste amháin faoin tuath.



Naoi scoil as Cúige Mumhan a bhí páirteach sa taighde, sé scoil as BÁC, sé scoil as Co. na Gaillimhe, cúig scoil as Laighean & ceithre scoil as Ulaidh.
Bhí idir 100-199 scoláire ag beagnach 30% de na scoileanna agus idir 300-399 ag 30% eile.
Bhí níos lú ná 200 scoláire ag 35.3% de scoileanna.

Próifíl Scoile * Líon Daltaí Trastáblú

Próifíl Scoile	<50	50-99	100-199	200-299	300-399	400+	Iomlán
Scoil Ghaeltachta/ BhreacGhaeltachta	1	1	4	4	2	1	13
Gaelcholáiste	0	0	6	4	8	3	21
Iomlán	1	1	10	8	10	4	34

Seacht scoil sa Ghaeltacht a raibh níos mó ná 200 scoláire ag freastal orthu agus bhí breis is 200 scoláire ag 15 as 21 gaelcholáiste (75%).



Próifíl Scoile *Diúltú Scolárí Trastáblú

Próifíl Scoile	Bíonn	Ní Bhíonn	Iomlán
Scoil Ghaeltachta/ BhreacGhaeltachta	0	13	13
Gaelcholáiste	9	12	21
Iomlán	0	25	34

9 scoil as 34 (26.5%) scoil a d'fhreagair go mbíonn orthu iarratasóirí céad bliana a dhiúltú, ceal áiteanna dóibh. Suntasach go maith, ní raibh aon scoil acu siúd sa Ghaeltacht.
9 Gaelcholáiste as 21 (43%) a bhfuil orthu iarratasóirí a chur ó dhoras, ceal áiteanna dóibh.

Foirne Teagaisc na Scoileanna

D'fhreagair 42% de na príomhoidí sa taighde seo go raibh siad níos lú ná 6 bliana sa phost. An meánfhad mar phríomhoide i measc an daonra seo ná 8.9 mbliana.

D'fhreagair os cionn 75% go raibh iarscoláirí na scoile ag obair ar an bhfoireann teagaisc agus 24% nach raibh.
85% de scoileanna Gaeltachta a raibh iarscoláirí dá gcuid fostaithe mar mhúinteoirí agus 56% de Ghaelcholáistí.
An meánlíon iarscoláirí ar a bhfoireann teagaisc ná 2.6% (diall caighdeánach 2.5) agus bhí scoil amháin a raibh 12 iarscoláire de chuid na scoile ar an bhfoireann teagaisc.



Bhí céimithe an DGO OÉ Gaillimh ar an bhfoireann teagaisc ag 26 as 34 de na scoileanna sa taighde seo (76.5%). An meánlíon ná 3.3 iarscoláire agus tarlaíonn sé go bhfuil scoil

amháin le 8 céimí DGO ar an bhfoireann teagaisc. Ní raibh ach dhá scoil ghaeltachta sa staidéar seo nach raibh céimí DGO mar bhall foirne acu.
56% de scoileanna a d'fhostaigh céimí DGO a rinne tréimhse socrúchán scoile sa scoil agus 65% de Ghaelcholáistí a d'fhostaigh céimí DGO a rinne tréimhse socrúchán scoile sa scoil.

Níl ach scoil amháin a d'fhreagair nach mbeadh suim acu glacadh le mic léinn DGO ar thaithí scoile amach anseo. 33 as 34 scoil a d'fhreagair go mbeadh súil acu glacadh le mic léinn an DGO sa todhchaí.

Ní raibh ball foirne cáilithe leis na hábhair seo a leanas sna scoileanna:

Múinteoir Spóirt	26%
Múinteoir Reiligiúin	41%
Múinteoir Tacaíochta Foghlama	18%
Múinteoir OSSP	30%
Múinteoir Gairmthreorach	27%

Bhí sé suntasach go raibh easnamh múinteoirí leis na cáilíochtaí sna hábhair seo níos forleithne sa Ghaeltacht na sna Gaelcholáistí. Ní raibh múinteoir reiligiúin cáilithe i 62% d'iarbhunscoileanna sa Ghaeltacht le hais 28% sna Gaelcholáistí, ní raibh múinteoir Gairmthreorach cáilithe i 56% de scoileanna Gaeltachta le hais 14% sna Gaelcholáistí & i dtaobh OSSP, 54% nach raibh cáilithe sa Ghaeltacht le hais 14% sna Gaelcholáistí

Earcú Múinteoirí

Iarradh ar na príomhoidí cé mar a dhéanann siad folúntais a fhógairt. 41% de na scoileanna a dhéanann poist a fhógairt tríd an mBord Oideachais agus Oiliúna (ETB), 32% trí na nuachtáin, agus 27% trí 'education posts.ie'.
Fógraíodh 175 post sna scoileanna sa 3 bliana ó 2010-2012. I gcás 34 acu seo, níor chuir aon iarratasóir incháilithe isteach ar an bpost (20% de na poist) . Fógraíodh 56 post i measc daonra an taighde seo i 2012. Chuir 75 iarratasóir incháilithe isteach ar na poist seo rud a chiallaíonn nach raibh ach 1.3 iarratasóir, ar an meán, do gach post i 2012. I 2011 fograíodh 44 post nár chuir ach 41 iarratasóir isteach orthu (ba mhó na folúntais a bhí ann ná iarratasóirí). I 2010 fógraíodh 37 post agus bhí 62 iarratasóir do na poist seo (1.7 iarratasóir an post).

Iarradh ar na príomhoidí an raibh aon fholúntas poist faoi láthair sa scoil. Bhí folúntas i 9 scoil agus ní raibh i 23 scoil. Ba iad Mata (3 fholúntas), teanga Eorpach (3 fholúntas), Eolaíocht (2 fholúntas) agus Gaeilge (folúntas amháin) a bhí i gceist sa naoi gcás seo. (Aibreán 2013).



Iarradh ar na príomhoidí féidearthachtaí folúntais ó 2013-2015 a shonrú i dtaobh ábhair. I measc an 34 scoil sa taighde seo sonraíodh gur 77 féidearthacht folúntais a bheadh ann sa tréimhse sin.

Ba iad Eolaíocht (17 folúntas), Mata (15 folúntas) agus teanga Eorpach (12 folúntas) is mó a tháinig chun solais. Ina dhiaidh sin is iad Béarla (5), Gnó (4) agus Eacnamaíocht Bhaile na hábhair is mó a shíl príomhoidí go mbeadh féidearthachtaí folúntais iontu amach anseo go ceann 3 bliana.
Luadh an Ghaeilge, Tíreolas, Gairmthreoir agus Adhmadóireacht luaite trí bhabhta. Luadh Ceol, Corpoideachas, Reiligiún agus Stair faoi dhó.



Cleachtais earcaíochta

Fiafraíodh na ceisteanna thíos de na príomhoidí. Ní mór a lua go bhfuil na céatadáin uilig thíos sa dearfach.

Ráitis	Iomlán	Gaelcholáiste	Gaeltacht
An raibh ort earcú pearsanta a dhéanamh le folúntas a líonadh ariamh? (teagmháil dhíreach 'headhunting')	62%	67%	53%
An raibh ort teagmháil dhíreach a dhéanamh le coláiste oiliúna a dhéanamh ariamh?	68%	76%	53%
An raibh ort post a athfhógairt mar nár chuir iarratasóir incháilithe isteach ar an bpost?	79%	86%	70%
An raibh ort post a athfhógairt toisc nach raibh caighdeán Gaeilge sách maith ag na hiarratasóirí?	76%	81%	70%
An raibh ort ceapachán a dhéanamh do iarratasóir nach raibh cáilithe san ábhar?	59%	67%	46%
An raibh ort ceapachán a dhéanamh do iarratasóir nach raibh tú sásta lena c(h)umas Gaeilge ach a bhí cáilithe	85%	90%	77%

* Ní mór a lua nár theastaigh ach cás amháin a bheidh amhlaidh i dtaobh na ráitis sa tabla thuas.

Suntasach go maith gur tharla sé go raibh clár tacaíochta ag 70% de na scoileanna le cúnamh a thabhairt do mhúinteoirí ar bheagán Gaeilge a gcuid Gaeilge a fheabhsú. Luadh go sonrach ranganna breise Gaeilge agus meantóireacht inmheánach scoile chomh maith le ranganna agus cúrsaí curtha ar fáil ag COGG. D'fhreagair 15% go mbeadh claonadh acu do chanúint ar leith i dtaobh iarratasóirí a fhostú, 85% a d'fhreagair nach mbeadh.
D'fhreagair 100% de na scoileanna go raibh múinteoirí ar a bhfoireann teagaisc a bhí ar bheagán Gaeilge nuair a ceapadh iad ach a shealbhaigh an teanga ó shin. An méan líon de mhúinteoirí a d'fhoghlaim an Ghaeilge ó fostaíodh iad ná triúr i ngach scoil den 34 atá mar chuid den taighde seo.

Iompar Teanga sna Scoileana

Tá sé mar pholasaí scoile an teagasc ranga uilig a dhéanamh trí Ghaeilge i 94% de na scoileanna sa taighde seo. Ar ndóigh, bhí sé mar pholasaí scoile sna Gaelcholáistí uilig. Bhí dhá scoil Ghaeltachta nach raibh sé mar pholasaí acu.

D'fhreagair 68% san iomlán gur 'Gaeilge uilig' atá mar ghnáth-theanga teagaisc na scoile. Léiríodh nach dtarlaíonn ach 46% den teagasc sna hiarbhunscoileanna sa Ghaeltacht trí 'Ghaeilge uilig' ach 76% den teagasc trí 'Gaeilge uilig nó Gaeilge is mó.' 100% de na Gaelcholáistí a d'fhreagair gur trí 'Ghaeilge uilig nó Gaeilge den chuid is mó' a ndéantar an teagasc.



Tarlaíonn sé i 11 scoil go bhfuil ábhair faoi leith á múineadh trí Bhéarla toisc nach bhfuil aon Ghaeilge ag an oide (1/3 de na scoileanna).
Is léir go bhfuil an cleachtas seo níos forleithne sa Ghaeltacht ná mar atá sna Gaelcholáistí. 54 % de na scoileanna sa Ghaeltacht atá ag múineadh ábhar trí Bhéarla toisc easpa Gaeilge ag an oide.
Níor léiríodh ach 4 chás ina bhfuil ábhar á mhúineadh trí Bhéarla toisc easpa Gaeilge ag an oide sna Gaelcholáistí. Teangacha Eorpacha, Eolaíocht agus Gairmthreoir na hábhair is coitianta a bhí á dteagasc trí Bhéarla. Bhí cásanna ann chomh maith de Mhata, Eacnamaíocht Bhaile, Adhmadóireacht, Teicneolaíocht agus Ealaín a bheith á múineadh trí Bhéarla.

Roghnaíodh 8 n-ábhar go randamach atá ar chúrsa na hArdteistiméireachta agus iarradh ar na príomhoidí eolas a thabhairt ar cé acu, leagan Gaeilge nó leagan Béarla den pháipéar a roghnaíonn daltaí na scoile. Na hábhair ábhartha ná Mata, Ábhair Eolaíochta, Gnó, Stair, Tíreolaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Ealaín agus Staidéar Foirgníochta.
Bhí rogha de 'Roghnaíonn gach dalta leagan Gaeilge', 'Meascán idir Gaeilge agus Béarla' agus 'Roghnaíonn gach dalta leagan Béarla' mar fhreagra ar an gceist seo. I gcás na n-ábhar seo, ar an iomlán d'fhreagair 59% de na scoileanna go 'roghnaíonn gach dalta an leagan Gaeilge' de pháipéirí na hArdteistiméireachta.
Bhí difir mhór idir líon na ndaltaí a roghnaíonn leagan Gaeilge de na páipéirí sna Gaelcholáistí le hais na hiarbhunscoileanna sa Ghaeltacht.
I gcás Mata, níor fhreagair ach 5 as 13 (38%) de scoileanna Gaeltachta go roghnaíonn gach dalta an leagan Gaeilge i gcomparáid le 90% (19 as 21) de Ghaelcholáistí. Tá amhlaidh fíor maidir leis na hábhair eolaíochta: 23% sa Ghaeltacht, 90% de na Gaelcholáistí, Eacnamaíocht Bhaile: 38% sa Ghaeltacht ach 86% de Ghaelcholáistí agus Ealaín: 38% de scoileanna Ghaeltachta agus 86% de Ghaelcholáistí.
I dtaobh ghnáth chaidrimh na múinteoirí i dtimpeallacht na scoile d'fhreagair 46% de phríomhóidí na n-iarbhunscoileanna sa Ghaeltacht gur Gaeilge uilig a labhair na múinteoirí i dtimpeallacht na scoile agus d'fhreagair siad uilig (100%) gur 'Gaeilge den chuid is mó nó uilig' a bhí mar ghnáth theanga thimpeallacht na scoile.
I gcás na nGaelcholáistí, 71% a d'fhreagair gur Gaeilge amháin a labhair na múinteoirí i dtimpeallacht na scoile.
Rinneadh 10 gceapachán 'CID' sna scoileanna seo de mhúinteoirí, dar leis na príomhoidí, nach raibh feilúnach (i dtaobh chumais teanga) don obair/ mhúineadh trí mheán na Gaeilge.

Dearcadh na bPríomhoidí

'Ní bhíonn aon ródheacracht ann múinteoirí láncháilithe a fháil do na hIarbhunscoileanna lánGhaeilge.'

18% de phríomhoidí a d'aontaigh leis an ráiteas thuas. 71% de na príomhoidí nár aontaigh leis agus 44% acu sin a d'easaontaigh go láidir leis an ráiteas. 12% a d'fhreagair nach raibh siad cinnte.





'Is mó atá na deacrachtaí múinteoirí a fháil do na hIarbhunscoileanna lánGhaeilge ná do scoileanna eile.'

94% de phríomhoidí a d'aontaigh leis an ráiteas agus 76% acu sin a d'aontaigh go láidir. Ní raibh ach 3% a d'easaontaigh leis an ráiteas agus 2.5% nach raibh cinnte.

'Táim sásta go bhfuil na coláistí oiliúna ag freastal mar is gá ar earnáil na Gaelscolaíochta.'

47% de phríomhoidí a d'easaontaigh leis an ráiteas. Leath acu sin a d'easaontaigh go láidir leis an ráiteas. 21% a d'aontaoigh leis an ráiteas agus 32% nach raibh cinnte.



'Tá roinnt múinteoirí sa scoil seo nach bhfuil caighdeán sásúil Gaeilge acu.'

68% de phríomhoidí a d'aontaigh leis an ráiteas thuas, 45% acu sin a d'aontaigh go láidir leis. 24% a d'easaontaigh leis an ráiteas agus 6% nach raibh cinnte. D'easaontaigh 6% go láidir leis an ráiteas.





'Ba chóir cúrsaí speisialta faoin nGaelscolaíocht a bheith ar fáil i ngach Coláiste Oideachais.'

94% de phríomhoidí a d'aontaigh leis an ráiteas thuas agus 79% a d'aontaigh go láidir leis. Níor easaontaigh ach 3% leis an ráiteas agus 3% eile a d'fhreagair nach raibh siad cinnte.

'Is deacair múinteoirí a mhealladh chun obair in iarbhunscoileanna lánGhaeilge toisc nach mbíonn fáil ar théacsleabhair.'

Bhí scoilt shuntasach i dtuairimí na bpríomhoidí faoin ábhar seo. 38.3% a d'easaontaigh leis an ráiteas agus 41.1% a d'aontaigh. 20.6% a d'fhreagair nach raibh siad cinnte.



'Is minic linn, sa scoil seo, mic léinn an DGO a fháil don Chleachtadh Teagaisc/ Socrúchán Scoile?'

68% de na scoileanna a fhaigheann/ ghlacann mic léinn DGO go rialta agus iad i mbun chleachtadh teagaisc. 29% nach bhfaigheann mic léinn an DGO go rialta.





'Bíonn sé éasca go leor ionadaí le Gaeilge a fháil don scoil seo.'

89% de phríomhoidí a d'easantaigh leis an ráiteas thuas agus 47% acu a d'easaontaigh go láidir. Níor aontaigh ach 8.7% go raibh sé éasca go leor ionadaí le Gaeilge a fháil. Dhá scoil a d'aontaigh go láidir leis an ráiteas agus bhí an dá chás sa Ghaeltacht. Ní raibh aon cás sna Gaelcholáistí.

'Uaireanta imíonn múinteoirí ón scoil seo go 'gnáthscoil' toisc go mbíonn an post níos éasca.'

Níor aontaigh ach 17.65% leis an ráiteas seo agus níor aontaigh aon phríomhoide go láidir leis an ráiteas. 58.8% a d'easaontaigh leis an ráiteas.



'Tá caighdeán na Gaeilge i measc na múinteoirí sa scoil ag íslú le blianta beaga anuas.'

73.5% a d'easaontaigh leis an ráiteas agus 64.7% acu a d'easaontaigh go láidir. Níor aontaigh ach 12% leis an ráiteas.





'Táimse imníoch mar phríomhoide faoi chruinneas scríofa Gaeilge roinnt de na múinteoirí.'

88% de phríomhoidí a chur in iúl go raibh siad imníoch faoi chruinneas Gaeilge roinnt de na múinteoirí.

'Uaireanta ní bhíonn an dara rogha agam ach ionadaí ar bheagán Gaeilge a fhostú.'

94% de phríomhoidí a d'fhreagair nach mbíonn an dara rogha acu ach ionadaí ar bheagán Gaeilge a fhostú scaití. Ní raibh ach dhá scoil a d'easaontaigh leis an ráiteas.



'Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na foirne seo agus iad le chéile lasmuigh den scoil.'

71% de phríomhoidí a d'fhreagair gurb í an Ghaeilge teanga chumarsáide na foirne agus iad le chéile lasmuigh den scoil. D'fhreagair 9% narbh í an Ghaeilge teanga chumarsáide na foirne lasmuigh den scoil.





'Tá fás róthapa tagtha ar an nGaelscolaíocht agus tá deacrachtaí ann, dá réir, múinteoirí a fháil.'

D'aontaigh 34% de phríomhoidí go raibh fás róthapa tagtha ar an nGaelscolaíocht agus go raibh deacrachtaí ann, dá réir, múinteoirí a fháil. 41% a d'easaontaigh leis an ráiteas. Is léir gur léirigh an cheist seo deighilt ó thaobh tuairimí na bpríomhoidí de.

'Ba cheart líon na n-áiteanna ar an DGO in OÉ Gaillimh a ardú.'

82% de phríomhoidí a d'aontaigh gur cheart líon na n-áiteanna ar an DGO/MGO a ardú. 50% acu sin a d'aontaigh go láidir. Níor easaontaigh aon phríomhoide leis an ráiteas.



'Ba cheart go mbeadh cuóta de réir ábhar ar an MGO ag teacht ón éileamh sna hIarbhunscoileanna lánGhaeilge.'

82% a d'aontaigh gur cheart go mbeadh cuóta de réir ábhar ar an MGO ag teacht ón éileamh sna hIarbhunscoileanna lánGhaeilge. 38% a d'aontaigh go láidir agus níor easaontaigh aon phríomhoide leis an ráiteas.





'Níl dóthain déanta ag na coláistí oiliúna i dtaobh soláthair múinteoirí nuacháilithe do na hIarbhunscoileanna lánGhaeilge.'

D'aontaigh 74% de phríomhoidí nach raibh dóthain déanta ag na Coláistí oiliúna i dtaobh soláthair múinteoirí nuacháilithe do na hIarbhunscoileanna lánGhaeilge. Níor easaontaigh aon phríomhoide leis an ráiteas. 26% nár léirigh tuairim.

Conclúid & Moltaí

Conclúid

Tá fás thar cuimse tagtha ar an earnáil gaeloideachais ag an dara leibhéal le roinnt blianta anuas agus tá sí ag dul i méid i gcónaí.

Is léir ón taighde seo go bhfuil fíordheacrachtaí ag Gaelcholáistí agus ag iarbhunscoileanna sa Ghaeltacht teacht ar mhúinteoirí ábhair atá sách cumasach nó sásta múineadh trí mheán na Gaeilge.

Is minic go mbíonn ar scoileanna poist a athfhógairt toisc nach gcuireann aon iarratasóirí incháilithe isteach ar na poist fógraithe.

Níos minicí ná a mhalairt, ní bhíonn deis ag príomhoidí rogha a dhéanamh idir iarratasóirí le post a líonadh. Toisc an ghanntain, go minic glactar le haon iarratasóirí incháilithe a léiríonn spéis sa phost.

Tá fíorghanntan múinteoirí ábhar ann a bhfuil caighdeán sásúil teanga acu le bheith ag obair trí mheán na Gaeilge.

Tá fíorghanntan múinteoirí eolaíochta, teangacha eorpacha agus matamaitice le Gaeilge ach go háirithe sa chóras faoi láthair.

Tá príomhoidí imníoch faoi chaighdeán Gaeilge roinnt de na múinteoirí sna scoileanna, idir Ghaeilge labhartha agus Ghaeilge scríofa.

Bhí ar fhormhór na bpríomhoidí san earnáil seo ceapachán a dhéanamh nuair nach raibh siad sásta le caighdeán Gaeilge an iarratasóra.

Tá ábhair faoi leith á dteagasc trí Bhéarla i scoileanna áirithe toisc nach raibh teacht ar mhúinteoirí ábhar le Gaeilge.

Is é an MGO in OÉ Gaillimh an t-aon chúrsa oideachas tosaigh do mhúinteoirí atá ag freastal ar an earnáil seo.

Is léir go bhfuil na deacrachtaí céanna ann i gcónaí i dtaobh soláthar múinteoirí don earnáil Gaeloideachais agus a léirigh Máirtín (2006) agus MacDonncha et al (2004).

Moltaí

Ní mór líon na n-áiteanna a ardú ar an MGO (Máistir Gairmiúil san Oideachas) le freastal ar an éileamh sna hiarbhunscoileanna sa Ghaeltacht agus sna Gaelcholáistí.

Moltar go mbeadh modúl roghnach faoin nGaeloideachas agus faoin Teagasc trí Ghaeilge ar fáil ar gach uile chúrsa oideachas tosaigh múinteoirí don dara leibhéal sa tír.

Ba cheart cuóta de réir ábhair teagaisc a chur ar áiteanna ar an MGO ag teacht leis an éileamh ó na hiarbhunscoileanna lánGhaeilge agus Gaeltachta.

Sa ghearrthéarma tá fíorghanntan múinteoirí Eolaíochta, Teangacha Eorpacha agus Matamaitice sa chóras. Ní mór dreasú faoi leith a thabhairt do chéimithe na n-ábhar sin le go dtabharfaidh siad faoin mhúinteoireacht.

Ba cheart clár tacaíochta faoi leith, mar aon le meantóireacht a thabhairt do mhúinteoirí a thugann faoi phost san earnáil seo ach atá ar bheagán Gaeilge.

Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar chóras iontrála PAC (Postgraduate Applications Centre/ Ionad Iarratas Iarchéime) agus féidearthachtaí a phlé le líon áirithe áiteanna a choimeád dóibh siúd ar spéis leo teagasc trí mheán na Gaeilge.

Moltar féidearthachtaí bunchéim ceithre bliana a bhunú sa teagasc ag an dara leibhéal trí Ghaeilge.

Moltar nach ndéanfar 'CID' a thabhairt do mhúinteoir atá ag obair in iarbhunscoil lánGhaeilge ar feadh trí bliana nach ndearna dul chun cinn sásúil dtaobh sealbhú na teanga.

Moltar athbreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh, deireadh a chur leis na liúntais do mhúinteoirí nua-cháilithe atá sásta glacadh le post i scoil ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge.

Ba cheart sparánachtaí a thairiscint do chéimithe faoi leith, tabhairt faoin MGO in OÉ Gaillimh má tá caighdeán Gaeilge maith acu agus céim ábhartha atá gann san earnáil seo (ag teacht ón éileamh sna scoileanna).

Moltar go ndéanfaí pleanáil straitéiseach chuile dhá bhliain le ionchur ó na scoileanna, agus go ndéanfar bunachar sonraí a choinneáil suas chun dáta, a chinnteoidh go dtiocfaidh soláthar múinteoirí ábhair ón éileamh atá sna scoileanna.

Moltar go gcuirfear sraith cúrsaí forbairt ghairimiúil múinteoirí ar fáil dóibh siúd a ghlacann le post i scoil ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge do do mhúinteoirí atá ar bheagán Gaeilge. Moltar go mbeadh na cúrsaí seo éigeantach.

Focal ón taighdeoir

D'úsáid Máirtín (2004) agus MacDonncha et al (2006) beirt an ráiteas "Is léir géarchéim…" agus iad ag déanamh cur síos ar na deacrachtaí agus dushláin mar a bhaineann le hearcú múinteoirí san earnáil Ghaeloideachais.
Ag an bpointe seo, ní mór a lua agus aitheantas a thabhairt do shárobair na múinteoirí i gcoitinne, sna scoileanna seo. In ainneoin na ndeacrachtaí atá ann, tá fianaise chomh maith ann go bhfuil na hiarbhunscoileanna lánGhaeilge ar an iomlán an-iomaíoch agus go deimhin is scoileanna ardghnóthachta iad i dtaobh torthaí scrúdaithe stát agus líon na ndaltaí a n-éiríonn leo áit tríú leibhéal a bhaint amach tar éis na hardteistiméireachta.
Cé gur ardaigh an taighde seo na deacrachtaí earcaíochta sna hiarbhunscoileanna lánGhaeilge, nochtaigh sé go leor samplaí de mhúinteoirí ar bheagán Ghaeilge nuair a thosaigh siad ach a shealbhaigh an Ghaeilge ó shin. Go deimhin d'fhreagair 100% de phríomhoidí gur tharla amhlaidh ina scoileanna féin. Údar dóchais é seo cinnte don earnáil. Mar a dúirt Príomhoide amháin:
" Is ar éigean go raibh focal aici a' tíocht isteach… ach ní fhéadfadh muid déanamh dá huireasa anois, Tá sí 'nós duine againn fhéin anois."

Ó bailaíodh na dálaí seo d'fhógair COGG sparánachtaí do chéimithe Eolaíochta, teangacha Eorapacha agus Mata ar spéis leo tabhairt faoin MGO (Máistir Gairmiúil san Oideachas) in OÉ Gaillimh. Tá líon na n-iarratasóirí sna hábhair úd ardaithe ó fógraíodh na sparánachtaí.

Ba mhaith leis an taighdeoir buíochas chomh maith a ghabháil leo siúd a thug tacaíocht don taighde seo agus an tuairisc á cur le chéile. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG) a mhaoinigh an taighde; mo chomhghleacaithe Sinéad Ní Ghuidhir agus Brendan MacMahon dá ionchur luachmhar agus go háirithe do na príomhoidí uilig a roinn an t-eolas seo go flaithiúil linn.

Seán Ó Grádaigh, Márta 2015

Tuairimí na bPríomhoidí

Mar a luadh sa mhódheolaíocht níos túisce, bailíodh na dálaí seo trí agallaimh agus trí cheistneoir le príomhoidí atá i mbun oibre i nGaelcholáistí agus in iarbhunscoileanna sa Ghaeltacht.
Seo a leanas cuid de na luacháin ó na hagallaimh sin chomh maith le tagairtí a scríobh na príomhoidí ar an gceistneoir faoin rannóg 'Tuairimí agus Eolas Breise.'

"Ní bhfuair mé ach múinteoir amháin fríd fhógraíocht ó bunaíodh an scoil. Is fríd caint, plé agus a buaileadh le lucht na Gaeilge…."

"Bhí roinnt múinteoirí lag ó thaobh Gaeilge ag an tús ach d'fheabhsaigh siad"
(Gaelcholáiste in Ulaidh)

"…chuile ábhar cés moite d'Eacnamaíocht Bhaile á dteagasc trí Ghaeilge. Theip orainn teacht ar mhúinteoir Eac Bhaile le Gaeilge."
(Gaelcholáiste i mBÁC)

"….ann-deacair teacht ar mhúinteoirí Eolaíochta, Mata, Fraincis agus Gearmáinise a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu."
(Gaelcholáiste i mBÁC)

"Tá meascán maith againn, Níl an Ghaeilge thar mholadh beirte ag cuid acu[múinteoirí]."

"Ní oibríonn an fógra sa nuachtán níos mó, Is minic a fhaightear duine páirtaimseartha ar dtús."

"Tá sé fíordheacair teacht ar dhaoine le Gaeilge líofa do na hábhair seo…. Treoir, Ceol, Ealaín agus Fisic."
(Gaelcholáiste i gCúige Laighean)

"Is dócha gurb é an rud is mó atá ag cur imní orm faoi láthair ná cumas teagaisc agus cumas labhartha na Gaeilge aon mhúinteoir a thiocfadh isteach faoin scéim athlonnaithe"

"Is fadhb í nach mbíonn raon leathan iarrthóirí ann nuair a fhógraítear poist in ábhair faoi leith. Faoi láthair is iad na teangacha Eorpacha is measa ón taobh seo de."

"Deireann múinteoirí i gcónaí go ndéanfaidh siad iarracht an Ghaeilge a fhoghlaim go dtí go mbíonn siad sa phost, ansin bíonn athrú ar an scéal!"

"Is scoil Ghaeltachta muid. Bíonn sé an-deacair ar fad orainn múinteoirí maithe le Gaeilge a fháil."

"Bíonn sé [Gaeilge labhartha] 'líofa lofa' ag go leor de na múinteoirí, fiú múinteoirí Gaeilge le 1:1 sa chéim; ní bhíonn labhairt cruinn na teanga acu."

"Bíonn na daltaí ag éisteacht le drochGhaeilge i go leor de na ranganna, fiú sna ranganna Gaeilge!"

"Tá polasaí 'lánGhaeilge' againn sa scoil agus sinn ag cloí leis go dtí seo, ach, le bheith fírinneach, tá amhras orm an chun leas na ndaltaí a thuilleadh é."
(Scoil Ghaeltachta i gCúige Mumhan)

"Bheadh claonadh ionam tús áite a thabhairt do dhaoine le canúint na Mumhan acu".

"Bhí orm postanna a athfhógairt go minic mar gheall nár chur aon duine incháilithe isteach ar an bpost. Le dhá bhliain anuas tharla sé i dtaobh Mata, Eac. Bhaile agus Adhmadóireacht"
(Gaelcholáiste i gCúige Mumhan)

"Tá duine amháin théis a bheith anseo againn le ceithre bliana agus ní feidir aon ní a dhéanamh fá dtaobh de. Is ábhar díomá dom féin nach ndéanann sé/sí aon iarracht i dtaobh teagasc trí Ghaeilge de - ach caidé is féidir a dhéanamh faoi? Sin é an córas."

"Nuair atá duine amháin ar an bhfoireann nach bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu tiontann rudaí go Béarla… bhfuil fhois agat? Níl mé iontach sásta faoi sin".

"Tá sé iontach deacair, fiú anseo i lár na Gaeltachta, teacht ar ionadaithe maithe le Gaeilge".

"Tá mé ag cuartú duine san am i láthair - duine inteacht le Mata agus eolaíocht - ach tá sé iontach deacair duine a fháil."

"Ní raibh mé in ann duine le Eacnamaíocht Bhaile a fháil le Gaeilge… so múinteoir Eolaíochta nach bhfuil cáilíocht san eacnamaíocht bhaile aici atá á mhúineadh sin."

"Déarfainn go bhfuil an triíú cuid de na scoláirí ag roghnú an pháipéir Bhéarla lá na scrúdaithe… cé go bhfuil an teagasc uilig á dhéanamh trí Ghaeilge anseo sa scoil."

"Mar ghnáth pholasaí, thabharfainn tús áite do mhúinteoirí áitiúla agus iarscoláirí na scoile seo go cinnte i dtaobh na Gaeilge de."
(Scoil Ghaeltachta Ulaidh)

"Ceapadh daoine a bhí lag sa nGaeilge a thug geallúint í a fheabhsú… agus rinne ach tharla sé gur scaoil mé le daoine nach ndearna iarracht a cuid Gaeilge a fheabhsú. Ach bhí sprioc ann, laistigh de bhliain."

"Tá scoláirí 'théis teacht chomh fada liom agus 'théis a rá: níl muid sásta leis an gcaighdeán Gaeilge atá ag an múinteoir seo nó siúd…."

"D'ardaigh tuismitheoirí liom é ag oícheanta oscailte srl. gur chuir sé iontas orthu chomh híseal is a bhí caighdeán Gaeilge labhartha an mhúinteora seo nó siúd."

"Tá muid ag cur scoláirí ar mhoilliú, ag gearradh pionóis orthu de bharr nach bhfuil siad ag labhairt i nGaeilge agus ar an lámh eile tá múinteoirí nach bhfuil in ann Gaeilge a labhairt."
(Gaelcholáiste i gConnacht)

Ceistneoir na bPríomhoidí - Iarbhunscoileanna LánGhaeilge

Mar scoil atá ag soláthar oideachais trí Ghaeilge, iarrtar ort an ceistneoir seo ar **Sholáthar Múinteoirí Oillte do na hIarbhunscoileann LánGhaeilge** a líonadh isteach ar agus a sheoladh ar ais sa gclúdach poist atá curtha ar fáil duit. Tá an ceistneoir seo mar chuid de thaighde dochtúireachta atá ar bun agam, i Scoil an Oideachais OÉ Gaillimh faoi láthair (Maoirseoir: Dr. Manuela Heinz).
Tá sé ríthabhachtach go mbeidh an t-eolas a thugann tú bunaithe ar bhunachar sonraí na scoile do Mhí Aibreáin 2013 agus go mbeidh na ceistneoirí ar ais agam faoi **20 Aibreán 2013**. Ar ndóigh beidh 'chuile eolas a chuirfear ar fáil go hiomlán rúnda, ní bheidh aon chód aitheantais agam ar na ceistneoirí, beidh na torthaí uilig tugtha mar chomhiomláin agus ní bheidh aon scoil le haithint ó na torthaí. Ní cheart go dtógfadh an ceistneoir ach 20 nóiméad le líonadh.

Má tá aon tacaíocht bhreise nó soiléiriú breise ag teastáil uait, ní gá ach teagmháil a dhéanamh liom ag sean.ogradaigh@nuigalway.ie nó 087 6695064.

Cuir ✔ sa mbosca thíos má comhthoilíonn tú a bheith páirteach sa taighde seo.

☐ Comhthoilím a bheith páirteach sa taighde seo.

Gabhaim buíochas leat as ucht do dhíograis sa ghnó seo,

Seán Ó Grádaigh

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

NUI Galway OÉ Gaillimh

Rannóg A Eolas Faoin Scoil

1. Cineál Scoile

Coláiste Pobail/ Gairmscoil	
Pobalscoil	
Meánscoil	
Scoil Chuimsitheach	
Eile	

2. Próifíl na Scoile

Scoil Ghaeltachta/ BhreacGhaeltachta	
Gaelcholáiste	
Sruth nó Aonad trí Ghaeilge	

Eile	(Sonraigh)

3. Suíomh Scoile

Scoil Tuaithe ☐ Scoil Charthach / Baile Mór ☐ Oileán ☐

Átha Cliath ☐ Laighean ☐ Ulaidh ☐ Mumhan ☐ Connacht ☐

4. Líon daltaí sa Scoil

<50 dalta	50-100 dalta	100-200 dalta	200-300 dalta	300-400 dalta	+500 dalta

5. An mó iarratais ná áiteanna a fhaigheannn an scoil, do spásanna don chéad bhliain?

Is mó ☐ Ní mó ☐

6. Má chuir tú ✔ le ceist 5 thuas , sonraigh sa mbosca thíos

Rannóg B Foireann Teagaisc na Scoile

1. Cén fhad tú mar phríomhoide sa scoil? _____ bliain

2. líon na múinteoirí ábhar sa scoil

Buan	Sealadach Lánaimseartha	Páirtaimseartha Intofa	Páirtaimseartha	Ionadaíoch	Iomlán

3. An bhfuil aon iarscoláirí na scoile ar an bhfoireann teagaisc?

Tá ☐ Líon _____ Níl ☐

4. An bhfuil céimithe ón Dioplóma Gairmiúil san Oideachas, OÉ Gaillimh ar an bhfoireann teagaisc?

Tá ☐ Líon _____ Níl ☐

5. Ar fostaíodh aon mhac léann de chuid an DGO sa scoil, a rinne taithí scoile sa scoil?

Fostaíodh ☐ líon ___ Níor fostaíodh ☐

6. An mbeadh suim/ súil ag an scoil glacadh le mic léinn an DGO ar thaithí scoile amach anseo?

Bheadh ☐ Ní bheadh ☐

7. An bhfuil múinteoirí cáilithe sna hábhair seo sa scoil?

	Tá	Níl
Múinteoir Spóirt		
Múinteoir Reiligiúin		
Múinteoir tacaíochta foghlama		
Múinteoir OSSP		
Múinteoir Gairmthreorach		

8. Ar chaill an scoil aon bhall foirne le trí bhlian anuas ar chúis ar bith? (Imirce, athlonú poist, bliain shabóideach, athrú gairme, athrú scoile srl,)

	Múinteoir	Ábhair	Cúis
(sampla) **2012-2013**	Múinteoir1	Stair & Gaeilge	Bogadh go scoil trí bhéarla

2011-2012			
2010-2011			

Rannóg C Earcú Múinteoirí

1. Cé mar a dhéanann tú foluntais a fhógairt de gnáth?

2. Liostaigh na postanna a fógraíodh sa scoil le 3 bliana anuas.

Bliain	Post (Ábhair)	Lion iarratasóirí incháilithe (le Gaeilge)	An raibh tú sásta le caighdeán an gceapúcháin?
2012-2013			
2011-2012			

2010-2011			

3. An bhfuil folúntas sa scoil faoi láthair?

Níl ☐ Tá ☐ Ábhar / Ábhair _____

4. Cá bhfeiceann tú féidearthachtaí folúntais sa scoil idir seo agus 2015?
(Liostaigh na hábhair más ann dóibh)

5. An ndearna tú nó an raibh ort earcú phearsanta (a dhéanamh, le folúntas a líonadh ariamh?

Rinne ☐ Ní dhearna ☐

Má chuir tú ✔ le ceist 5 thuas, sonraigh sa mbosa thíos.

6. An ndearna tú teagmháil dhíreach le coláiste oilúna le folúntas a líonadh ariamh

Rinne ☐ Ní dhearna ☐

7. Le linn do thréimhse mar phríomhoide:

	Bhí	Ní Raibh
An raibh ort aon phost a athfhágairt mar nár chuir iarratasóir incháilithe isteach ar an bpost?		
An raibh ort aon phost a athfhógairt toisc nach naibh caighdeán Gaeilge sách maith ag na hiarratasóirí?		
Ceapúchán a dhéanamh do iarratasóir nach raibh cáilithe?		
Ceapúchán a dhéanamh ar iarratasóir nach raibh tú sásta lena c(h)umas Gaeilge ach a bhí cáilithe?		

8. Má chuir tú ✔ le aon cheann de na ráitis thuas, sonraigh sa bhosca thíos agus luaigh ábhair theagaisc.

9. An mbeadh claonadh ionat daoine le canúint faoi leith (Gaeilge na Mumhan, Gaeilge Uladh nó Gaeilge Chonnacht) a fhostú don scoil?

Bheadh ☐ Ní bheadh ☐

Rannóg D Iompar Teanga ar an bhfoireann Teagaisc

1. Gnáth-theanga theagaisc na scoile (seachas sa rang Béarla & Teangacha)

Gaeilge amháin	Gaeilge den chuid is mó	Meascán de Bhéarla & Gaeilge, ach is mó Gaeilge ná Béarla	Meascán de Bhéarla & Gaeilge, ach is mó Béarla ná Gaeilge	Béarla den chuid is mó	Béarla amháin

2. An bhfuil ábhar/ábhair faoi leith sa scoil a ndéantar an teagasc trí Bhéarla ann toisc nach bhfuil Gaeilge ag an oide?

Tá ☐ Níl ☐

3. Cén páipéar scrúdaithe a roghnaíonn daltaí na scoile sna scrúduithe Ardteistiméireachta?

Roghnaíonn gach dalta leagan Gaeilge	
Meascán- ach is mó a roghnaíonn an leagan Gaeilge	
Meascán- ach is mó a roghnaíonn an leagan Béarla	
Roghnaíonn gach dalta leagan Béarla	

4. Gnáth-theanga chaidimh na múinteoirí i dtimpeallacht na scoile (mar shampla sa seomra foirne)

Gaeilge amháin	Gaeilge den chuid is mó	Meascán de Bhéarla & Gaeilge, ach is mó Gaeilge ná Béarla	Meascán de Bhéarla & Gaeilge, ach is mó Béarla ná Gaeilge	Béarla den chuid is mó	Béarla amháin

5. Ar ceapadh aon mhúinteoir sa scoil le linn do thréimhse mar phríomhoide nach raibh feiliúnach le bheith ag obair i scoil a ndéantar an teagasc trí Ghaeilge?

Ceapadh ☐ Níor ceapadh ☐

6. Ar ceapadh aon mhúinteoir sa scoil, de bharr 'CID', le linn do thréimhse mar phríomhoide nach raibh feiliúnach le bheith ag obair trí mheán na Gaeilge.

Ceapadh ☐ Ábhar _____

Níor ceapadh ☐

7. Ar ceapadh aon mhúinteoir sa scoil, de bharr 'Redeployment', le linn do thréimhse mar phríomhoide nach raibh feiliúnach le bheith ag obair trí mheán na Gaeilge.

Ceapadh ☐ Ábhar _____

Níor ceapadh ☐

Rannóg E
Dearcadh an Phríomhoide Maidir le Gnéithe d'Oiliúint agus d'Earcú Foirne do na hIarbhunscoileanna LánGhaeilge

Léirigh do thuairim ar gach ceann de na ráitis thíos. Cuir tic sa bhosca is oiriúnaí do do thuairim féin i leith gach ráiteas. (Ní leanann na ráitis in aon ord faoi leith).

1. Ní bhíonn aon ródheacracht ann múinteoirí lán-cháilithe a fháil do na Iarbhunscoileanna lánGhaeilge.

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

2. Is mó atá na deacrachtaí múinteoirí a fháil do na Iarbhunscoileanna lánGhaeilge ná do scoileanna eile.

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

3. Tá sé deacair múinteoirí ón Ghaeltacht a fhostú agus a choinneáil toisc gur fearr leo obair sa Ghaeltacht.

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

4. Táim sásta go bhfuil na coláistí oiliúna ag freastal mar is gá ar earnáil na Gaelscolaíochta.

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

5. Tá roinnt múinteoirí sa scoil seo nach bhfuil caighdeán sásúil Gaeilge acu.

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

6. Ba chóir cúrsaí speisialta faoin nGaelscolaíocht a bheith ar fáil i ngach Coláiste Oideachais

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

7. Is deacair múinteoirí a mhealladh chun obair in Iarbhunscoileanna lánGhaeilge toisc nach mbíonn fáil ar théacsleabhair.

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

8. Is minic linn, sa scoil seo, mic léinn an DGO a fháil do Chleachtadh Múinteoireachta

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

9. Bionn sé éasca go leor ionadaí le Gaeilge a fháil don scoil seo

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

10. Uaireanta imíonn múinteoirí ón scoil seo go 'gnáthscoil' toisc go mbíonn an post níos éasca

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

11. Tá sé tábhachtach go mbeadh modúl ann faoi Ghaelscolaíocht ar fáil sna Coláistí Oideachais

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

12. Tá caighdeán na Gaeilge sa scoil ag ísliú toisc go bhfuil caighdeán Ghaeilge na múinteoirí íslithe.

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

13. Táimse imníoch mar phríomhoide faoi chruinneas scríofa Gaeilge roinnt de na múinteoirí

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

14. Uaireanta ní bhíonn an dara rogha agam ach ionadaí ar bheagán Gaeilge a fhostú.

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

15. Is fearr ionadaí lán-cháilithe gan Gaeilge a fhostú ná duine neamhcháilithe le Gaeilge

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

16. Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na foirne seo agus iad le chéile lasmuigh den scoil

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

17. Tá fás róthapa tagtha ar an nGaelscolaíocht agus tá deacrachtaí ann, dá réir, múinteoirí a fháil

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

18. Ba cheart líon na n-áiteanna ar an DGO in OÉ Gaillimha ardú.

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

19. Ba cheart go mbeadh cuóta de réir ábhar ar an DGO ag teacht ón éileamh sna hIarbhunscoileanna lánGhaeilge

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

20. Níl dóthain déanta ag na coláistí oiliúna i dtaobh soláthair múinteoirí nuacháilithe do na hIarbhunscoileanna lánGhaeilge

Aontaím go láidir ☐ Aontaím ☐ Nílim cinnte ☐ Easaontaím ☐ Easaontaím go láidir ☐

Rannóg F Tuairimí & Eolas Breise

Is féidir aon eolas breise nó aon phointí breise is mian leat a lua anseo

Eolas Faoi Fhoireann Teagaisc na Scoile

Eolas Faoi Earcú Múinteoirí

Eolas Faoi Iompar Teanga ar an bFoireann Teagaisc

Eolas Faoi Fhoireann Teagaisc na Scoile

Aon Eolas Ábhartha Eile